C/2024/4535

18.7.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia

(C/2024/4535)

Tar éis an fhoilsithe sin, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

'Livanjski sir'

Uimh. AE: PGI-BA-2881 — 16.12.2022

ATFC ( ) TGFC (x)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Livanjski sir'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.3. Cáis

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cáis chrua lánmhéathrais í 'Livanjski sir' a dhéantar as bainne bó paistéartha, teirmithe nó amh, bainne caorach nó a meascáin, agus a tháirgtear i limistéar geografach sainithe. Tá blas agus boladh 'Livanjski sir' beagán milis, cuireann sé i gcuimhne eithní gallchnó, agus tá an cháis aibí beagán goinbhlasta. Tá 60 % ar a laghad d'ábhar tirim sa cháis agus 45 % ar a laghad de shaill in ábhar tirim. Tá an tiúchan salainn sa cháis idir 1.8 % agus 2.2 %. Tá cruth na cáise sorcóireach, agus tá bunanna cothroma agus maintlín cothrom nó beagán dronnach ann. Bíonn trastomhas roth na cáise idir 18 cm agus 28 cm, agus bíonn an airde idir 7 cm agus 10 cm. Bíonn meáchan idir 1.8 kg agus 3.5 kg sa cháis. Táirgtear 'Livanjski sir' i dtoirteanna níos lú freisin le trastomhas idir 9 cm agus 14 cm, airde idir 6 cm agus 12 cm agus meáchan idir 0.6 kg agus 1.2 kg. Tá an craiceann mín agus crua, gan scoilteanna ná comharthaí damáiste, dath buí órga air agus cruthaítear go nádúrtha é le linn aibiú don cháis, arb aibiú é ar fearr gur ar feadh 90 lá a mhaireann sé agus ar 60 lá is gairide a mhaireann sé. Is féidir le dath an chraicinn le linn aibiú athrú ó bhuí órga go buí órga beagán níos dorcha. Tá taos na cáise dlúth, lag leaisteach, éasca le gearradh, tá uigeacht dhlúth ann, agus is féidir líon beag poill bheaga rialta a bheith ann nó as. Má dhéantar cáis as bainne amh, is féidir níos mó poll a bheith ann agus iad neamhrialta go minic. Tá dath buí éadrom uirthi. De réir mar a aibíonn taos na cáise, cailleann sé a leaisteachas, agus bíonn imir níos dorcha sa dath. Tá blas beagán goinbhlasta agus milis air atá taitneamhach, agus déantar na spíosraí a threisiú le haibiú níos faide. Is é an boladh atá air, an boladh suntasach is gnách do cháiseanna crua aibí, agus déantar é a threisiú le haibiú. Cuireann an dea-bholadh beagán de luibheanna aramatacha ón limistéar sainithe táirgthe bainne i gcuimhne. I measc nithe eile, itheann ba agus caoirigh an féar seo, aistrítear na substaintí aramatacha isteach sa bhainne, agus is é sin go beacht an 'comhábhar' is tábhachtaí arb é rún 'Livanjski sir' é.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is é an phríomh-chomhpháirt de chandaim farae ná innilt (6 mhí), féar tirim, nó féarlas (75 % d'ábhar tirim an chandaim laethúil), a ullmhaítear sa limistéar geografach a shainítear faoi phointe 4. Is féidir bunchandam beatha a fhorlíonadh le meascáin bheatha bhreise agus le forlíontaí mianraí-vitimíní. Is féidir toirt mhór farae a úsáid chun ba bleáin a bheathú, farae a tháirgtear lasmuigh den limistéar a shainítear thuas, i gcandaim laethúla i gcainníochtaí suas le 40 % ar a mhéad. Is féidir beatha ainmhithe tiubhaithe a tháirgeadh in aon limistéar lasmuigh den limistéar dá dtagraítear i bpointe 4.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ullmhú bainne le haghaidh gruthú, agus próiseáil gruthanna cáise (gruth), múnlú agus deighilt gráinní cáise ó mheadhg, fáscadh rothaí cáise, sailleadh rothaí cáise agus aibiú cáise.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir 'Livanjski sir' a mhargú freisin agus é gearrtha i bpíosaí nó grátáilte (déantar gearradh agus grátáil ag an áit táirgthe), agus pacáiltear í i bhfolús nó in atmaisféar modhnaithe. Ní féidir cáiseanna ar lú a meáchan ná 1.2 cileagram a chur ar an margadh ach amháin mar roth iomlán. Is féidir 'Livanjski sir' a aibíodh ar feadh tréimhse is níos mó ná 12 mhí a chur ar an margadh mar cháis ghrátáilte. Déantar cáis a phacáil i bhfolús nó in atmaisféar modhnaithe. Tar éis an cháis a ghearradh, fágtar taobhdhromchlaí na bpíosaí a fhaightear gan cosaint nádúrtha, agus bíonn caillteanas luathaithe cáilíochta cáise agus laghdú seilfré ann le haghaidh táirgí den sórt sin dá thoradh sin. Dá bhrí sin, ní dhéantar píosaí cáise a phacáil ach amháin sa chineál pacáistithe forordaithe agus, mar sin, coinníonn siad airíonna céadfacha tipiciúla 'Livanjski sir' a fhorordaítear leis an tsonraíocht seo agus a bhfuil coinne ag an tomhaltóir leo. Leis an bpróiseas a bhaineann leis an gcáis a ghearradh, scriostar sláine an lipéid cáiséine freisin, rud ar a bhfuil inrianaitheacht an táirge bunaithe, agus is é sin an fáth nach bhfanann aon chomhartha fisiceach ar an bpíosa cáise a ráthódh barántúlacht an táirge, agus mar sin marcáiltear an phacáistíocht sin ar an dearbhú le huimhir luchtóige a úsáidtear le haghaidh inrianaitheacht an táirge.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar cáiseanna a chomhlíonann ceanglais uile na sonraíochta a mharcáil le hainm an táirgeora, leis an ainm 'Livanjski sir' agus le comhartha TGFC. Ní mór a lua ar an lipéad freisin an bhfuil an cháis déanta as bainne amh, paistéartha nó teirmithe, agus ní mór cineál agus cion an bhainne a shonrú de réir an chineáil ainmhí as a dtagann an bainne. Má aibíodh cáis ar feadh 6 mhí ar a laghad, is féidir le táirgeoirí aibíocht na gcáiseanna sin a léiriú freisin agus is féidir marc PREMIUM a bheith ar a leithéid de 'Livanjski sir'.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Áirítear na bardais seo a leanas sa limistéar geografach ina dtáirgtear bainne le haghaidh 'Livanjski sir': Livno, Tomislavgrad, Kupres, Glamoč, Grahovo, agus Drvar. Áirítear le limistéar geografach táirgthe 'Livanjski sir' réigiún níos cúinge ná an limistéar atá ainmnithe le haghaidh táirgeadh bainne agus is ionann é agus limistéar táirgthe traidisiúnta 'Livanjski sir', áit a bhfuil sé á tháirgeadh le blianta fada anuas. Tá 'Livanjski sir' nasctha go stairiúil leis an gceantar sin. Áirítear ann bardas iomlán Livno, cuid de bhardas Glamoč (sráidbhailte: Skucani, Vidimlije, Staro selo, Kopić, Dolac, Dragnić), cuid de bhardas Kupres (sráidbhaile Gornji Malovan), cuid de bhardas Tomislav Grad (sráidbhailte: Šuica, Eminovo selo, Stipanići agus Prisoje).

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an iarraidh ar TGFC 'Livanjski sir' a chlárú bunaithe ar shaintréithe speisialta na cáise agus an cháil atá ar an gcáis.

Eascraíonn saintréithe agus uathúlacht 'Livanjski sir' as saintréithe speisialta an bhainne as a dtáirgtear é. Soláthraítear i limistéar geografach an táirgthe bainne na dálaí is fearr chun beostoc a thógáil. Mar thoradh ar theagmháil shonrach na n-aeráidí Meánmhuirí agus ilchríochacha, an meascán d'fhéaraigh ar na sléibhte agus coimpléasc uathúil na bpáirceanna carst, bíonn fásra ann atá comhdhéanta de phlandaí luachmhara, a bhfuil cuid acu eindéimeach, amhail fréamh dhubh (Scorzonera vilosa), aiteann ballach (Hypochoeris maculata), spíce (Dantonia sp.) agus seamair Phanónach mar shampla. Is cáis chrua í 'Livanjski sir' dar saintréithe blas taitneamhach goinbhlasta agus uigeacht dhlúth dhúnta.

Cé go dtáirgtear i gceantar bhardas Livno agus i gcodanna de bhardais chomharsanacha í, tá ardcháil tarraingthe ar 'Livanjski sir' as a stair agus as a cáilíocht agus tá sí anois ina siombail, trádmharc agus ambasadóir aitheanta ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ar domhan. Chomh maith leis sin, ó dheireadh an 19ú céad, d'fhan modh sonrach táirgthe 'Livanjski sir' ar feadh na mblianta i réimse a táirgthe, á chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin, áit ar chuir scil an mháistircháiseora le cáilíocht chaighdeánach cháis Livanjski. Le sainiúlacht, traidisiún fada táirgthe, agus cáilíocht chaighdeánach na cáise, agus ag díolachán na cáise in éineacht leis an éileamh a bhíonn uirthi an gcoigríoch freisin, imríodh tionchar mór ar chlú agus ar dhea-cháil a chruthú don cháis, rud a ndéantar tagairt dó i bpáipéir eolaíochta, sa nuacht laethúil, agus a dheimhnítear le roinnt mhaith gradam ar aontaí agus ar iomaíocht (Is féidir liosta de pháipéir eolaíochta agus gradaim a fuarthas a fháil faoi phointe 5.4)

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

An aeráid atá i réim sa limistéar geografach sainithe, is aeráid í atá idir ilchríochach agus sléibhtiúil, agus is geimhrí fuara agus crua agus samhraí measartha agus te na príomhghnéithe a bhaineann léi. Is iad seo a leanas na tosca cinntitheacha a chinneann aeráid an limistéir sin: suíomh geografach, saintréithe geomoirfeolaíocha an limistéir, agus gaireacht do Mhuir Aidriad. Is saintréith í an bháisteach don an limistéar sin. Is i mí na Samhna a bhíonn príomh-uasmhéid frasaíochta ann, agus is ó mhí Feabhra go mí Aibreáin a bhíonn an dara huasmhéid ann. Is í an phríomhthréith atá ag an gceantar sin gur carst atá ann, agus mar gheall air sin bíonn draenáil thapa frasaíochta ann, agus is é sin an fáth go mbíonn triomaigh go minic i míonna an tsamhraidh. Chomh maith leis sin, is saintréith de chuid an limistéir sin an fhrasaíocht i mí na Samhna, agus brat sneachta geimhridh ina dhiaidh sin i rith mhíonna an gheimhridh. Is é an toradh a bhíonn air sin uile ná an iomarca uisce, rud a fhágann go mbíonn tuilte i gcodanna áirithe den limistéar seo.

Ós rud é go bhfuil limistéar geografach an táirgthe bainne agus cáise lonnaithe ag an trasdul geografach ón Heirseagaivéin ar an taobh ó dheas agus ón mBoisnia ar an taobh thuaidh, áit ar cruthaíodh dálaí éiceolaíocha speisialta le himeacht ama mar thoradh ar thionchair the na Meánmhara aneas agus na haeráide fuaire sléibhe aduaidh. Is saintréithe díobh foircinn teochta agus tais-scópacha shuntasacha, chomh maith le méid ard agus dáileadh sonrach frasaíochta. Sna héiceachórais a fhorbraítear faoi na dálaí sin, maireann speicis theirmifileacha (oiriúnaithe don teas) agus fhrigifileacha (oiriúnaithe do theochtaí ísle) chomh maith, i.e. speicis plandaí agus ainmhithe sléibhe. Is de chineál eindéimeach Dinearach agus Balcánach an chuid is mó de na speicis atá sna pobail sin. Ceann de na fíorais thábhachtacha is ea go bhfuil limistéir ollmhóra féarthailte nádúrtha (féaraigh) sa limistéar sin i ndáil leis na limistéir talmhaíochta iomlána (níos mó ná 80 % de na limistéir iomlána atá faoi fhéaraigh). Tá traidisiún fada saibhir táirgthe ag 'Livanjski sir' i limistéar geografach sainithe. Téann tús an táirgthe cáise sa limistéar sin siar go dtí tréimhse i bhfad siar, agus tá baint aige le tús na hinnilte agus le heallach a choinneáil sna ceantair sna sléibhte, rud atá intuigthe, mar ag an am sin ba é déanamh cáise an t-aon bhealach chun bainne a choimeád i ndálaí cnoc-shléibhtiúla.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is cáis chrua í 'Livanjski sir' dar saintréithe blas taitneamhach goinbhlasta agus uigeacht dhlúth dhúnta. Is féidir í a aithint trína cruth rialta, sorcóireach íseal. Tá dath idir buí éadrom agus buí dorcha ar thaos na cáise, agus tá a craiceann nádúrtha, crua agus réidh. Ag brath ar a haibíocht, d'fhéadfadh difear a bheith ag baint le huigeacht agus blas 'Livanjski sir'. Tá 'Livanjski sir' dhá mhí d'aois lag leaisteach, éasca a ghearradh, agus ar trasghearradh d'fhéadfadh sí a bheith gan poill chruinne bheaga scaipthe nó d'fhéadfadh sé go bhfuil líon níos lú de na poill chruinne bheaga scaipthe aici (le 'Livanjski sir' a fhaightear ó bhainne amh, d'fhéadfadh sé go mbeadh líon suntasach de phoill ar thrasghearradh inti). Tá a blas beagán milis, measartha goirt agus deas goinbhlasta. Tá dea-bholadh marthanach suntasach uirthi ar shaintréith den limistéar táirgthe é, agus cuireann sé luibheanna aramatacha agus spíosracha i gcuimhne.

5.3. *Nasc cúisíoch*

Eascraíonn saintréithe agus uathúlacht 'Livanjski sir' as saintréithe speisialta an bhainne as a dtáirgtear í. Tá limistéar geografach an táirgthe agus na próiseála bainne in 'Livanjski sir' speisialta agus uathúil ar roinnt mhaith bealaí. Soláthraítear leis coinníollacha idéalacha chun beostoc a thógáil. Mar thoradh ar theagmháil shonrach na n-aeráidí Meánmhuirí agus ilchríochacha, agus an meascán d'fhéaraigh ar na sléibhte agus coimpléasc uathúil na bpáirceanna carst, bíonn fásra ann atá comhdhéanta de phlandaí luachmhara agus an comhshaol geografach nach féidir a fháil in aon áit eile. Léirítear le comhdhéanamh luibheolaíoch na bhféarthailte nádúrtha a úsáidtear chun 'Livanjski sir' a tháirgeadh go bhfuil líon mór plandaí aramatacha sa limistéar ar a bhfuil tuairisc á thabhairt, agus tá cuid acu luachmhar agus uathúil do na limistéir sin amháin. Déanann innilt eallaigh i gcomhshaol den sórt sin ina bhfuil láithreacht mhór plandaí aramatacha éagsúla difear mór do mhéadú ar luach cothaitheach bainne, agus dá bhrí sin ar cháis a tháirgtear ó bhainne den sórt sin. Ina theannta sin, tá blas agus boladh speisialta ar cháis a fhaightear ar an mbealach sin atá mar shaintréith den réigiún sin agus a bhfuil dlúthbhaint aici le fásra an réigiúin sin. Déantar príomhinnilt beostoic i limistéir shléibhtiúla agus chnocacha ina bhfuil an chuid is mó de phlandaí luachmhara. Tá an bealach sin chun beostoic a innilt agus a bheathú ann sna réigiúin sin ó am ársa. Is é traidisiún na dtréadaithe sa réigiún seo an úsáid is mó is féidir a bhaint as féarach agus eallach déiríochta á bheathú. Beathaítear ba bleáin ar fhéarach ar feadh thart ar 6 mhí, agus an chuid eile den bhliain beathaítear ba le féar tirim nó sadhlas, a fhaightear ó fhéaraigh nó ó thalamh arúil ón limistéar táirgthe. I gcomhshaol den sórt sin, tá micreaflóra saibhir agus éagsúil ag bainne agus meadhg (má úsáidtear é le haghaidh saothrú plandaí) a aistrítear chuig cáis agus a thugann saintréithe speisialta di. Tá micreaflóra saibhir sna plandaí táirgthe freisin, micreaflóra a thagann ón gcomhshaol mórthimpeall ar na déirithe agus a áitíonn cáis le linn na gcéimeanna táirgthe agus aibithe.

5.4. *Liosta de pháipéar eolaíochta agus gradaim*

1. Livanjski sir, (S. Kirin i sur), Páipéar gairmiúil ina dtugtar tuairisc ar thábhacht cáise ó réigiún Livno, trína 117 mbliana táirgthe. Tugtar tuairisc ar na paraiméadair theicneolaíocha is tábhachtaí, ar an mbundhéanamh ceimiceach agus ar shaintréithe orgánaileipteacha cháis Livno ar bhonn sonraí litríochta. Bunaítear difríocht mhór ó thaobh cáilíochta de, idir cáiseanna a mhonaraítear go traidisiúnta agus cáiseanna a mhonaraítear go tionsclaíoch, go príomha mar gheall ar bhainne a úsáidtear, próisis táirgthe agus cumais theicniúla. Is féidir na hairíonna orgánaileipteacha agus na paraiméadair theicneolaíocha a chuirtear i láthair, chomh maith le comhdhéanamh ceimiceach, a úsáid chun an cineál sin cáise a chaighdeánú. Leis sin, beifear in ann a tionscnamh geografach a chosaint ar deireadh freisin, Mljekarstvo 53 (4) 281-291, 2003.

2. Consumers' preferences and composition of Livanjski cheese in relation to its sensory characteristic [Roghanna tomhaltóirí agus comhdhéanamh cháis Livanjski i ndáil lena saintréith chéadfach] (Matić A., Kalit S., Salajpal K., Ivanković S., Sarić Z.), Mljekarstvo 64 (3), 170-177, 2014.

3. The impact of proteolytic changes on sensory properties of Livno cheese [Tionchar athruithe próitéalaíocha ar airíonna céadfacha cháis Livno] (Matić A., Sarić Z., Kalit S), Oibreacha Dhámh na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Bia, Ollscoil Shairéavó, Iml. LIX, Uimh. 64/1, leathanaigh 155-173, 2014.

Liosta na ngradam:

Dáta	Stát	Cathair	Aonach/Iomaíocht	Táirge	Dámhachtain
6.-8.11.2014.	An Ostair	Hopfgarten im Brixental	12. Međunarodnoj izložbi sira u Austriji (Die internationale Käsiade)	Livanjski sir	Bonn óir
9-15.5.2015.	An tSeirbia	Novi sad	82. međunarodni poljoprivredni sajam	Livanjski sir	Bonn Óir Mhóir
2021-22	An Spáinn	Oviedo	Gradaim cáiseanna domhanda	Livanjski sir	Bonn cré-umha
2021-22	An Spáinn	Oviedo	Gradaim cáiseanna domhanda	Livanjski sir	Bonn airgid

2022	An Bheilg	An Bhruiséil	Gradam Blais Idirnáisiúnta	Livanjski sir	Gradam don Scothbhlas
2023	An Bheilg	An Bhruiséil	Gradam Blais Idirnáisiúnta	Livanjski sir	Gradam don Scothbhlas

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://fsa.gov.ba/wp-content/uploads/2023/05/Livanjski-sir_-small-modified-specification.pdf